Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10280/26**

**DELACT 94**
**AGRILEG 154**
**PHYTOSAN 56**
**AGRI 463**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3719 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.6.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca a liostú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3719 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3719 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2026
C(2026) 3719 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.6.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca a liostú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De réir Airteagal 42(1a) de Rialachán (AE) 2016/2031, tugtar de chumhacht don Choimisiún rialacha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú. Is é is aidhm do na rialacha sin cuíchóiriú a dhéanamh ar shainaithint agus ar bhainistiú tráchtearraí a bhféadfadh rioscaí fíteashláintíochta don Aontas Eorpach a bheith ag baint leo. Cuirtear i dtábhacht leis an bpróiseas sin soiléireacht agus éifeachtúlacht, lena n-áirithítear go ndéanfar cinntí go pras agus go gcuirfear in iúl go hoscailte iad chun muinín agus comhsheasmhacht a choinneáil ar fud na mBallstát.

Tá na Ballstáit le tráchtearraí a mholadh lena liostú, agus sonraí cuimsitheacha teicniúla agus eolaíocha mar thaca leo. Ba cheart mionsonraí maidir le hallmhairí an tráchtearra ó thríú tíortha nó maidir leis an spéis atá ann an tráchtearra a allmhairiú ó thríú tíortha, mionsonraí faoi lotnaidí a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis sna tríú tíortha lena mbaineann, agus fianaise lena léirítear riosca fíteashláintíochta do-ghlactha don Aontas a bheith san fhaisnéis sin. Tar éis dó na tograí sin a fháil, déanann an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí maidir le hiomláine, agus iarrann sé faisnéis bhreise nó soiléirithe breise más gá chun a áirithiú go mbeidh na heilimintí riachtanacha uile ann chun measúnú críochnúil a dhéanamh orthu.

Chun an réamh-mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh, tá an Coimisiún le grúpa measúnaithe a bhunú ina mbeidh saineolaithe ó na Ballstáit, ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus ón gCoimisiún féin. Déanann an grúpa sin a áirithiú go ndéanann gairmithe cáilithe meastóireacht ar fhaisnéis theicniúil. Bunaítear rialacha lena rialaítear an próiseas measúnaithe agus foilsiú na dtorthaí chun trédhearcacht, éifeachtúlacht agus tráthúlacht a choinneáil ar bun maidir le tráchtearraí ardriosca a bhainistiú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin um Shláinte Plandaí (E00925) an 26 Meitheamh 2025 maidir le dréacht-Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún sa chomhthéacs thuasluaite.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Airteagal 42(1a) de Rialachán (AE) 2016/2031.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.6.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca a liostú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 42(1a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 42(3) de Rialachán (AE) 2016/2031, liostaítear plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca go sealadach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún[2]. Tá toirmeasc ar a dtabhairt isteach san Aontas go dtí go ndéanfar measúnú riosca.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 42(1a) de Rialachán (AE) 2016/2031, is iomchuí rialacha a bhunú lena leagtar amach an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca a liostú. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha sin go ndéanfar an liostú ar bhonn próiseas tráthúil, éifeachtach agus trédhearcach.

(3) Ionas gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an liostófar plandaí, táirgí plandaí nó réada eile mar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca, ba cheart do na Ballstáit iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina léirítear na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile is mian leo a bheith liostaithe mar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca (‘na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile lena mbaineann’), agus sainchomhad teicniúil ag gabháil leis ina bhfuil an fhianaise thacaíochta theicniúil agus eolaíoch ábhartha.

(4) Is iomchuí freisin rialacha a bhunú maidir leis an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca a liostú ar bhonn tionscnamh ón gCoimisiún, i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil gá leis an tionscnamh sin chun aghaidh a thabhairt ar riosca fíteashláintíochta. Sna cásanna sin, ba cheart don Choimisiún sainchomhad teicniúil a ullmhú ina mbeidh an fhianaise thacaíochta theicniúil agus eolaíoch ábhartha.

[1] IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/2019-12-14.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2019/oj).

(5) Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil an fhianaise eolaíoch agus theicniúil seo a leanas fíor-riachtanach: sonraí maidir le hallmhairiú na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó an réada eile lena mbaineann isteach san Aontas ó thríú tíortha, nó maidir leis an spéis atá ann na plandaí, na táirgí plandaí nó an réad eile sin a allmhairiú; sonraí maidir le hidircheapadh plandaí, táirgí plandaí nó réad eile mar gheall ar láithreacht lotnaidí a bhaineann leis na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin; sonraí maidir le táirgeadh plandaí, táirgí plandaí nó réad eile lena mbaineann san Aontas, agus plandaí óstacha eile a bhféadfadh lotnaidí difear a dhéanamh dóibh; faisnéis faoi na lotnaidí a bhfuil na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile lena mbaineann mar óstaigh acu; agus sonraí lena léirítear go bhféadfadh riosca lotnaide ar leibhéal do-ghlactha do chríoch an Aontais a bheith ag baint leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile lena mbaineann, nuair a thugtar isteach ó thríú tír iad.

(6) Chun a áirithiú go mbeidh na heilimintí is gá don réamh-mheasúnú sa sainchomhad teicniúil arna chur isteach ag Ballstát, is iomchuí go ndéanfaidh an Coimisiún a iomláine a sheiceáil agus go n-iarrfaidh sé, i gcás inar gá, faisnéis bhreise nó soiléirithe breise.

(7) Ba cheart grúpa réamh-mheasúnaithe a bhunú chun réamh-mheasúnú a dhéanamh ar na plandaí, ar na táirgí plandaí nó ar na réada eile lena mbaineann. Ba cheart saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, saineolaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus saineolaithe ón gCoimisiún a bheith sa ghrúpa réamh-mheasúnaithe.

(8) Ba cheart rialacha a bhunú maidir leis an nós imeachta chun an réamh-mheasúnú a dhéanamh ag an ngrúpa réamh-mheasúnaithe, maidir lena chumarsáid leis an mBallstát iarrthach, más iomchuí, agus maidir le foilsiú an mheasúnaithe.

(9) Ba cheart rialacha a bhunú maidir leis an gcaoi rúnda a chaithfí le píosaí áirithe faisnéise, go háirithe, i gcás ina n-iarrfadh aon duine a mbeadh leas dlisteanach aige é sin, chun leasanna an duine sin a chosaint ar nochtadh na faisnéise sin. Leis na píosaí faisnéise sin, ba cheart a chuimsiú an próiseas monaraíochta nó táirgthe, lena n-áirítear an modh agus na gnéithe nuálacha i ndáil leis sin, chomh maith leis na sonraíochtaí teicniúla agus tionsclaíocha eile a bhaineann go dlúth leis an bpróiseas nó leis an modh sin, seachas i gcás faisnéis atá ábhartha maidir leis an measúnú ar shábháilteacht; naisc thráchtála idir táirgeoir nó allmhaireoir agus an duine iarrthach, i gcás inarb infheidhme; agus faisnéis tráchtála lena nochtar foinsiú, sciartha den mhargadh nó straitéis ghnó an duine iarrthaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Leagtar síos leis an Rialachán seo an nós imeachta chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca a liostú de bhun Airteagal 42(1a) de Rialachán (AE) 2016/2031. Beidh na heilimintí seo a leanas sa nós imeachta sin:

(a) an fhianaise a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca;

(b) na bearta a bheidh le déanamh tar éis an fhianaise sin a fháil;

(c) na nósanna imeachta don mheasúnú sin, agus

(d) sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil.

*Airteagal 2*

**Ullmhú na fianaise eolaíche agus teicniúla is gá chun an réamh-mheasúnú a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca tar éis iarraidh a fháil ó na Ballstáit**

1. Chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile a liostú mar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca, cuirfidh Ballstát iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ina sonrófar na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile atá le liostú mar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca.

2. Beidh sainchomhad teicniúil ag gabháil le gach iarraidh faoi mhír 1.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa sainchomhad teicniúil:

   (a) sonraí maidir le hallmhairiú an phlanda, an táirge planda nó an réada eile lena mbaineann isteach san Aontas ó thríú tíortha, nó maidir leis an spéis atá ann an planda, an táirge planda nó an réad eile a allmhairiú;

   (b) sonraí maidir le hidircheapadh na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus réad eile lena mbaineann mar gheall ar láithreacht lotnaidí a bhaineann leis na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin;

   (c) sonraí maidir le táirgeadh na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile lena mbaineann san Aontas, agus táirgeadh plandaí óstacha eile a bhféadfadh lotnaidí difear a dhéanamh dóibh, ar lotnaidí iad a bhfuil an planda, an táirge plandaí nó an réad eile lena mbaineann mar óstach acu;

   (d) faisnéis faoi na lotnaidí a bhfuil na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile lena mbaineann mar óstaigh acu;

   (e) sonraí lena léirítear go bhféadfadh riosca lotnaide a bheith ag baint leis an bplanda, táirge planda nó réada eile lena mbaineann ar leibhéal do-ghlactha do chríoch an Aontais mar gheall ar an dóchúlacht go bhfuil siad ina n-óstach do lotnaid nach ndírítear go leordhóthanach ar an riosca ina leith leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún;

   (f) sonraí teagmhála an údaráis inniúil agus an duine nádúrtha sa Bhallstát atá freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún; agus

   (g) aon iarraidh ar chaitheamh le fianaise áirithe mar fhianaise rúnda.

*Airteagal 3*

**Ullmhú na fianaise eolaíche agus teicniúla is gá chun an réamh-mheasúnú a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca, ar bhonn tionscnamh ón gCoimisiún**

I gcás ina measann an Coimisiún gur gá aghaidh a thabhairt ar riosca fíteashláintíochta, ullmhóidh sé sainchomhad teicniúil chun tacú le plandaí, táirgí plandaí nó réada eile áirithe a liostú mar phlandaí, táirgí plandaí nó réada eile ardriosca.

Beidh ar a laghad an fhianaise a liostaítear i bpointí (a) go (e) d’Airteagal 2(3) sa sainchomhad teicniúil.

Cuirfidh an Coimisiún an sainchomhad teicniúil faoi bhráid an ghrúpa réamh-mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

*Airteagal 4*

**Gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gCoimisiún tar éis an sainchomhad teicniúil arna chur isteach ag an mBallstát a fháil**

1. Admhóidh an Coimisiún go bhfuarthas an sainchomhad teicniúil arna chur isteach ag an mBallstát de bhun Airteagal 2.

2. Scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil an fhianaise a liostaítear in Airteagal 2(3) sa sainchomhad teicniúil agus féadfaidh sé faisnéis bhreise nó soiléirithe breise a iarraidh ar an mBallstát, mar a cheanglaítear le hinneachar agus le hábhar an tsainchomhaid theicniúil sin.

3. Fíoróidh an Coimisiún freisin ar iarradh rúndacht maidir le píosaí áirithe fianaise.

4. I gcás ina gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3, cuirfidh an Coimisiún sainchomhad teicniúil an Bhallstáit faoi bhráid an ghrúpa réamh-mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

*Airteagal 5*

**Nós imeachta don réamh-mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031**

1. Bunóidh an Coimisiún gan mhoill grúpa saineolaithe a bheidh freagrach as an réamh-mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ('an grúpa réamh-mheasúnaithe') a dhéanamh

   Is éard a bheidh sa ghrúpa réamh-mheasúnaithe saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, saineolaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus saineolaithe ón gCoimisiún.

   Féadfaidh an grúpa réamh-mheasúnaithe faisnéis bhreise nó soiléirithe breise a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann nó ar an gCoimisiún, de réir mar a cheanglaítear le hinneachar agus le hábhar a shainchomhaid theicniúil.

   Déanfaidh an grúpa réamh-mheasúnaithe measúnú ar riosca fíteashláintíochta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile lena mbaineann. Cuirfidh an grúpa réamh-mheasúnaithe an réamh-mheasúnú i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta ama. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú sin ar fáil do na Ballstáit.

2. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe sin, cuirfidh an Coimisiún na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile faoi seach le liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile ardriosca a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/2019 ón gCoimisiún, nó cinnfidh sé gan iad a chur leis.

*Airteagal 6*

**Rúndacht**

Ní dhéanfaidh comhaltaí an ghrúpa réamh-mheasúnaithe aon fhaisnéis rúnda a phoibliú. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis rúnda, cuirfear san áireamh ar iarr duine a bhfuil leas dlisteanach aige ('duine iarrthach') gur i modh rúin a chaithfí léi. Déanfar an measúnú sin gan dochar do na rialacha náisiúnta maidir le faisnéis rúnda a chosaint.

Bainfidh an oibleagáid gan faisnéis rúnda a phoibliú leis na píosaí faisnéise seo a leanas, i gcás ina bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an duine iarrthaigh nó d'aon leas eile de chuid an duine iarrthaigh:

(a) an próiseas monaraíochta nó táirgthe, lena n-áirítear an modh i ndáil leis sin, chomh maith leis na sonraíochtaí teicniúla agus tionsclaíocha eile a bhaineann go dlúth leis an bpróiseas nó leis an modh sin, seachas i gcás faisnéis atá ábhartha maidir leis an measúnú ar shábháilteacht;

(b) naisc thráchtála idir táirgeoir nó allmhaireoir agus an duine iarrthach, i gcás inarb infheidhme;

(c) faisnéis tráchtála lena nochtar foinsiú, sciartha den mhargadh nó straitéis ghnó an iarratasóra.

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*